



# Sínigh! Tionscnamh Eorpach na Saoránach

**Tá an CEART ag CÁCH ar UISCE agus ar SHLÁINTÍOCHT**

Bíonn uisce óil glan agus sláintíocht d'ardchaighdeán ag teastáil ó gach uile shaoránach. Iarraimid ar an Choimisiún Eorpach na cearta daonna sin a ráthú tríd an soláthar uisce agus an tsláintíocht a chur chun cinn mar sheirbhísí riachtanacha poiblí do chách. Caithfear na cearta sin a chur i bhfeidhm.

Ba chóir don Aontas Eorpach spriocanna ceangailteacha a shocrú do na Ballstáit ar fad chun go mbeadh rochtain ag cách san Eoraip ar an uisce agus ar an tsláintíocht. Creidimid gur chóir don Aontas Eorpach iarracht níos mó a dhéanamh chomh maith chun uisce agus sláintíocht a chur ar fáil do chách lasmuigh den Aontas Eorpach. Níl rochtain ag na milliúin duine ar na seirbhísí sin fós.

**Ár spriocanna:**

- 1. Uisce agus sláintíocht a ráthú do chách san Eoraip.**
- 2. Nach léirscaoilfear seirbhísí uisce.**
- 3. Rochtain uilechoiteann (dhomhanda) ar uisce agus ar shláintíocht.**

Uirlis is ea an feachtas seo chun an ceart atá ag cách ar uisce agus ar shláintíocht a chur i bhfeidhm. Is uirlis é chun an meon aigne san Choimisiún Eorpach, a chuireann béim ar chur chuige margadh-bhunaithe, atá dírithe ar iomaíochas, a athrú agus chun cur chuige ceart-bhunaithe, atá dírithe ar sheirbhísí phoiblí, a ghlacadh. Tá sé mar chuspóir aige rochtain uilechoiteann (dhomhanda) ar uisce agus ar shláintíocht a bhaint amach agus acmhainní uisce teoranta poiblí a chosaint do ghlúine todhchaí.

**Tá UISCE ann AR MHAITHE LEIS AN PHOBAL, NÍ haon TRÁCHTEARRA é.**

**Tá an CEART ag CÁCH ar UISCE agus ar SHLÁINTÍOCHT**

**Tá UISCE ann AR MHAITHE LEIS AN PHOBAL, NÍ haon TRÁCHTEARRA é.**

L'eau, un droit humain - Cilvēkam ir tiesības lietot ūdeni - Водата – основно човешко право - A víz emberi jog - apa este un drept al omului - Voda je lidské právo - Voda je l'udské právo - Voda je ljudsko pravo - Vatten är en mänsklig rättighet - Wasser ist ein Menschenrecht - Water is een mensenrecht - El agua es un derecho humano - A água é um direito humano - l'acqua è un diritto umano - vesi on perusoikeus - prawo do wody prawem człowieka - Vand er en menneskeret - Το νερό είναι ανθρώπινο δικαίωμα - Vesi on osa inimõigustest Eestis - Vanduo yra žmogaus teisė - ceart le uisce - voda je človekova pravica - Право на воду – право человека - Su bir insan hakkıdır - L-ILMA huwa dritt tal-bniedem

[www.right2water.eu](http://www.right2water.eu)